

Anim: \_\_\_\_\_



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# JuniorCYCLE

for teachers

FGL 2019/2020

# Grafaic



Grafaic  
[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)



An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills

[www.jct.ie](http://www.jct.ie)



<p><b>Torthaí Foghlama:</b></p> <p><b>Intinn Foghlamama:</b> (Gluis Téarmaí an CNCM)</p>	<p><b>Torthaí Foghlama:</b> Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama</p> <p><b>Intinn Foghlama:</b> Is ráiteas é intinn foghlama do cheacht, nó do shraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid a ba mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.</p>	<p><b>Cruinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMA):</b></p> <p><b>Aonad Foghlama:</b></p>	<p>I gcrúinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh siad ar an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe sin.</p> <p>Déanann aonad foghlama nasc idir na torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.</p>
<p><b>Measúnuithe Rangbhunaithe:</b> (Creat I. 39)</p>	<p>Is é an cur síos is fearr ar na Measúnuithe Rangbhunaithe gurb iar na hócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na dtascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Bíonn cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú seo cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe déantar breithiúnas an mhúinteora a thairfead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisc na scoile chuig na tuismitheoirí agus na scoláirí.</p>	<p><b>Measúnú Foirmitheach:</b> (Creat I. 37-38)</p>	<p>Beidh comhtháthú leanúnach an mheasúnaithe fhoirmitheigh mar ghnáthchuid den teagasc agus den foghlaim i seomraí ranga mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach déanann idir mhúinteoirí agus scoláirí machnamh ar an gcaoi a bhfuil an foghlaim ag dul ar aghaidh agus socraíonn siad cad iad na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Cuid dhílis den mheasúnú foirmitheach is ea an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse gníomhaíochtaí measúnaithe cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint cad é atá bainte amach acu agus cén áit a bhfuil tuilleadh foghlama agus forbartha le déanamh. Chun an cineál foghlama a luaitear thuas a éascú, tiocfaidh forbairt ar ról an mhúinteora agus ar dhinimic an chaidrimh idir múinteoir agus scoláirí. Cuirfidh múinteoirí níos mó béim ar mheasúnú a shní isteach ina gcuid teagaisc ionas gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar an dul chun cinn i bhfoghlaim na scoláirí agus go n-aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlaim féin.</p>
<p><b>Gnéithe Cáilíochta:</b> (Gluis Téarmaí an CNCM)</p>	<p>Is ráitis iad na gnéithe cáilíochta sna sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. Ó tharla go mbíonn dlú thbhaint ag critéir ratha le hin mní foghlama agus go mbíonn siad bun aithe ar phróisis sa seomra ranga ó lá go lá, is de réir a chéile a léireodh foghlaim scoláirí na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.</p>	<p><b>Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS):</b> (Creat I.48)</p>	<p>Beidh tuairisc sa PGSS ar ghnóthachtáil scoláire i ngach réimse cuí foghlama lena n-áirítear Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama agus Réimsí foghlama eile. Tarraingeoidh an PGSS as gnóthachtáil trasna na ngnéithe measúnaithe uile agus beidh tuairisc inti fúthu sin, lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe státeistithe agus ó na Tascanna Measúnaithe. Beidh leagan amach ag an PGSS a shocrófar ar bhonn náisiúnta. Is í an scoil a chuirfidh le chéile i agus gheobhaidh na scoláirí í san fhómhar tar éis an tríú bliain, nuair a bheidh na torthaí measúnaithe uile ón CSS agus ón scoil ar fáil agus dearbhaithe.</p>
<p><b>Gnéithe Cáilíochta:</b> (Gluis Téarmaí an CNCM)</p>	<p>Is ráitis iad na gnéithe cáilíochta sna sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. Ó tharla go mbíonn dlú thbhaint ag critéir ratha le hintinní foghlama agus go mbíonn siad bunaithe ar phróisis sa seomra ranga ó lá go lá, is de réir a chéile a léireodh foghlaim scoláirí na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.</p>	<p><b>Critéir Ratha:</b> (Gluis Téarmaí an CNCM)</p>	<p>Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumhann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.</p>
		<p><b>Coincheapa Geoiméadracha</b></p>	<p>Is é atá i gceist le coincheapa geoiméadracha teibíochtaí atá fréamhaithe i bprionsabail agus i dtógálacha geoiméadracha.</p>

## Réasúnaíocht

Cuireann gach ábhar teicneolaíochta eispéiris dhifriúla ar fáil don scoláire a chuireann leis anoideachas a fhaigheann sé i réimse na teicneolaíochta. Mar thoradh air sin, ní bhaineann scoláire a ullmhú don fhoghlaim sna hábhair theicneolaíochta, le teagasc i dtreo na teicneolaíochta amháin ach i dtreo na scileanna atá bunúsach do na hábhair theicneolaíochta agus is féidir a aistriú chuig réimsí eile foghlama. Scileanna lena spreagtar an scoláire chun fadhbanna a réiteach tríd an gcruthaitheacht, an nuálaíocht, an chumarsáid, an comhoibriú agus an fiosrú, scileanna a fhorbraítear i dtimpeallacht ghníomhach foghlama mar a bhfuil an scoláire in ann smaointe a fhorbairt go dtugtar chun críche iad.

Aithnítear an ghrafaic mar theanga bhunúsach na ndisciplíní teicneolaíochta agus is féidir í a úsáid har réimse leathan ábhar, ar nós matamaitice, eolaíochta agus ealaíne. Úsáidfidh an scoláire meáin éagsúla chun a smaointe agus a dhearaí a chur in iúl sa teanga ar leith seo. Ó thús deireadh an chúrsa, fiosróidh an scoláire an domhan geoiméadrach chun léirthiscint a fháil do thábhacht na grafaice sa domhan mórthimpeall air. Forbróidh sé scileanna cognaíocha agus praiticiúla ar nós cumarsáid ghrafach, amharcléiriú spásúil, réiteach fadhbanna cruthaitheach, inniúlachtaí dearaidh agus samhaltú, go fisiciúil agus trí dhearadh ríomhchuidithe a úsáid.

Forbróidh an scoláire a chruthaitheacht agus é ag fiosrú agus ag réiteach dúshlán dearaidh. I rith an phróisis réitigh fadhbanna, oibreoidh sé lena chomhscóláirí chun a smaointe a bheachtú ó choincheap teibí go dearadh deiridh, mionsonraithe, dréachtaithe. Tá teibiú agus réasúnú spásúil ríthábhachtach don phróiseas seo; cuireann grafaic go leor deiseanna ilghnéitheacha ar fáil don scoláire chun na scileanna ardleibhéil cognaíocha agus cruthaitheacha sin a fhorbairt i gcomhthéacsanna spéisiúla.

Tá líníochtaí teicniúla cruinne riachtanach chun comhpháirteanna agus déantáin a dhearadh agus a dhéanamh. Caithfear faisnéis a chur in iúl go beacht nuair atá cáipéis fheidhmeach á hullmhú, agus sin é an t-idirdhealú idir líníocht theicniúil agus líníocht léiritheach na n-amharc-ealaíon. Teastaíonn pointeáilteacht mhór chun líníochtaí cruinne a tharraingt agus meon foighneach agus athléimneach. Déanfaidh an scoláire athbhreithniú agus machnamh ar a líníochtaí oibre go leanúnach, ag forbairt straitéisí feabhsaithe de réir mar a théann sé ar aghaidh.


## Aidhm

Tá sé mar aidhm ag staidéar ar Ghrafaic na sraithe sóisearaí:

- cruthaitheacht, inniúlacht spásúil agus cumas réasúnaíochta agus cumarsáide smaointe an scoláire a fhorbairt, trí thabhairt faoi ghníomhaíochtaí réitigh fadhbanna geoiméadracha teibí agus feidhmeacha
- forbairt na scileanna cognaíocha agus deaslámhachta praiticiúla a bhaineann le cumarsáid ghrafach a spreagadh
- léirthiscint do ról na grafaice sa domhan mórthimpeall air a chothú
- a chur ar chumas an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoin modh is fearr chun a chuid smaointe agus réiteach a léiriú
- táirgeadh líníochtaí a chuireann scileanna cumarsáide chun cinn trí ghrafaic a spreagadh
- scileanna cognaíocha agus praiticiúla an scoláire a bhaineann le samhaltú agus cumarsáid ghrafaic a fhorbairt



Prionsabail na Céimseata a Fhiosrú




## Gnóthachtáil Coincheapa

No.	Coincheap braite	Seo an fáth a shílim é sin
1		
2		
3		
4		

Samplaí		
	S/N	Seo an fáth a shílim é sin
5		
6		

### Gníomhaíocht 1::


Tá roth rothair ina shuí ar an dtalamh agus in éadan ball mar a léirítear. Aimsigh go cruinn na pointí teagmhála. Sainaithin na tadhlaíthe agus na normail.



**Pointe** “é sin nach bhfuil aon chuid aige”. Is suíomh é an pointe sa chéimseata. Níl aon mhéid aige, ná leithead, ná fad agus ná doimhneacht. Trasnaíonn dhá líne ag pointe.

### Gníomhaíocht 2:


Rianaigh an tadhlaí agus an normal ó Gníomhaíocht 1 ar pháipéar rianaithe. Ag úsáid an rianpháipéir, aimsigh go cruinn an pointe teagmhála idir an tadhlaí agus an ciorcal thíos. Sainaithin agus lipéadaigh an dronuillinn ( $90^\circ$ ).



**Is é atá i líne dhíreach** “líne a luíonn go cothrom leis na pointí uirthi féin”

### Gníomhaíocht 3:

Tóg tadhlaí leis an gcorcal thíos ag pointe P. Bain úsáid as an rianpháipéar le cabhrú leat le do réiteach.



**Is é atá i dTadhlaí líne dhíreach** nach dteagmhaíonn le cuar áirithe ach ag pointe amháin agus nach dtéann tríd an gcuar.


**Gníomhaíocht 4:**

Cén mhéid ata an uillinn ABC? Seiceáil í le d'uillinntomhas. Tóg uillinn eile trí cheangal a dhéanamh idir pointe A agus aon pointe P ar imlíne an leathchiorcail agus ansin trína cheangal ar ais le C.

Cad é mar atá na huillinneacha i gcomparáid lena chéile?


Bain úsáid as an bpáipéar rianaithe ó Gníomhaíocht 1 chun d'fhreagra a dhearbhú.

Uillinn ABC =	
Uillinn APC =	



**Gníomhaíocht 5:**



Tóg tadhlaí go cruinn leis an gchiorcal ó pointe P. Aimsigh an pointe teagmhála don tadhlaí. Cabhróidh an léaráid thuas leat le do réiteach.



P  
+



**Gníomhaíocht 6:**

Tóg tadhlaí inmheánach go cruinn leis na ciorcail a thaispeántar thíos. Aimsigh na pointí teagmhála.










**Gníomhaíocht 7:**

Tóg tadhlaí seachtrach go cruinn leis na ciorcail a thaispeántar thíos. Aimsigh na pointí teagmhála.






	<p><b>Aim an Mhúinteora: Aonad Foghlama Samplach</b></p>	<p><b>Pleanáil do Grafaic</b></p>	<p><b>Class Group: Dara Blián</b></p>	
<p><b>Unit:</b> Tadhlaíthe sa domhan fíor</p>	<p><b>Duration: Trí Seachtaine</b></p>	<p><b>Dáta Tosaigh:</b> 20/10/2019</p>		
<p><b>AOIS AGUS CÉIM:</b> Scoláirí an Dara Bliain, Téarma 2</p>	<p><b>RÉAMHFHOGLAIM:</b> Línte tógála bunúsacha, Teilgean Ortagrafach, Rudai plánacha a rindrealí, líne thógála éilips, aistrithe agus símeádracht</p>	<p><b>PRÍOMHFHOGLAIM</b> 1.1 Gluaiseacht cruthanna, pointí agus línte 2T a shamhlú <b>Briathra Gnímh:</b> Amharcléirigh agus i ngnáthdhéantáin <b>Briathra Gnímh:</b> Amharcléirigh &amp; Léirithuisicint 1.12 &amp; 1.1 Pointí teagmhála a aimsiú go cruinn agus tadhlaíthe a thógáil. <b>Briathra Gnímh:</b> Amharcléirigh &amp; Tóg 3.1 &amp; 2.11 Tadhlaíocht a aithint sa domhan mórhimpéal orthu. <b>Briathra Gnímh:</b> Aithin &amp; Léirithuisicint</p>	<p><b>ACMHAINNÍ:</b> Amharcléiritheoir, Ceamara / Fón, Dronbhacairt agus teacht ar ríomhairí a bhfuil DRC orthu, Trealamh sceitseála &amp; páipéar rianaithe. Teagasc 3T agus samhla foghlauma tadhlaíthe.</p>	
<p><b>AOIS AGUS CÉIM:</b> Scoláirí an Dara Bliain, Téarma 2</p>	<p><b>RÉAMHFHOGLAIM:</b> Línte tógála bunúsacha, Teilgean Ortagrafach, Rudai plánacha a rindrealí, líne thógála éilips, aistrithe agus símeádracht</p>	<p><b>MEASÚNÚ LEANÚNACH</b> Aiseolas forimitheach múinteora i rith an aonaid fhoghlauma. Teicnící sceitseála agus rindrealá a úsáid chun dromchlaí tadhlaíthe a léiriú 3.1 &amp; 2.11 Tadhlaíthe ina saol féin a aimsiú agus a thairfead ag úsáid sceitsí agus / nó grianghraf. 3.1 &amp; 1.12 Bíleoga oibre a dhéanamh ina mbíonn fadhbanna tadhlaíochta 1.1 Nasc fiseach idir ciorcal agus éilips a aithint. Croiphrionsabal a úsáid i gcásanna éagsúla. 1.12 Uillinn i leathciorcal a aithint mar 90° 1.4 Tionscadal dearaidh a dhéanamh agus an tadhlaíocht a bheith ina cuid de. Triail shuimitheach ag deireadh an aonaid</p>	<p><b>MODHEOLAÍOCHTAÍ</b> Léiriú múinteora ar an gcroi-eolas, siúlóid an phúca agus taighde príomha, gnóthachtáil coincheapa agus tionscadal taighde</p>	
<p><b>AOIS AGUS CÉIM:</b> Scoláirí an Dara Bliain, Téarma 2</p>	<p><b>RÉAMHFHOGLAIM:</b> Línte tógála bunúsacha, Teilgean Ortagrafach, Rudai plánacha a rindrealí, líne thógála éilips, aistrithe agus símeádracht</p>	<p><b>CONAS A BHRAITHFIDH SCOLÁIRÍ NA TORTHÁI FOGHLAMA?</b> 3.1 &amp; 2.11 Cleachtadh gnóthachtáil coincheapa chun tús a chur le tadhlaíthe. 1.12 &amp; 1.1 Tadhlaí agus coincheap ingearchló (líne cheartingearach go talamh) a thógáil. Sainmhíniú ar pointe, líne agus tadhlaí pléite. Páipéar rianaithe a úsáid. 2.11 &amp; 3.1 Tadhlaíocht a shainaitheint agus a léiriú i siúlóid an phúca trí phictiúir a thógáil agus / nó samplaí a aimsiú ar líne cosúil le nithe a chonacthas le línn na siúlóide. 1.12 Iníochadh ar an gcúis a n-oibríonn an líne thógála nuair a úsáidtear dath. Réitigh a chruthú ar fhadhbanna tadhlaíochta éagsúla. 1.1 Tadhlaí agus ceartingear a aistriú ar rianpháipéar le léiriú gurb é an príonsabal céanna atá ann. 1.4 &amp; 3.1 Tionscadal taighde a dhéanamh chun tadhlaíocht a shainaitheint agus a léiriú sa domhan thart timpeall orthu.</p>	<p><b>CONAS A BHRAITHFIDH SCOLÁIRÍ NA TORTHÁI FOGHLAMA?</b> 3.1 &amp; 2.11 Cleachtadh gnóthachtáil coincheapa chun tús a chur le tadhlaíthe. 1.12 &amp; 1.1 Tadhlaí agus coincheap ingearchló (líne cheartingearach go talamh) a thógáil. Sainmhíniú ar pointe, líne agus tadhlaí pléite. Páipéar rianaithe a úsáid. 2.11 &amp; 3.1 Tadhlaíocht a shainaitheint agus a léiriú i siúlóid an phúca trí phictiúir a thógáil agus / nó samplaí a aimsiú ar líne cosúil le nithe a chonacthas le línn na siúlóide. 1.12 Iníochadh ar an gcúis a n-oibríonn an líne thógála nuair a úsáidtear dath. Réitigh a chruthú ar fhadhbanna tadhlaíochta éagsúla. 1.1 Tadhlaí agus ceartingear a aistriú ar rianpháipéar le léiriú gurb é an príonsabal céanna atá ann. 1.4 &amp; 3.1 Tionscadal taighde a dhéanamh chun tadhlaíocht a shainaitheint agus a léiriú sa domhan thart timpeall orthu.</p>	
<p><b>AOIS AGUS CÉIM:</b> Scoláirí an Dara Bliain, Téarma 2</p>	<p><b>RÉAMHFHOGLAIM:</b> Línte tógála bunúsacha, Teilgean Ortagrafach, Rudai plánacha a rindrealí, líne thógála éilips, aistrithe agus símeádracht</p>	<p><b>SNÁITHEANNA AGUS GNÉTHE A FHIOSRÚ</b> Grafaic 2T, Grafaic Fheidhmeach, Prionsabail agus tógála geioméadracha, Smaointeoireacht Dearaidh.</p>	<p><b>MACHNAIMH:</b> Is féidir naisc a dhéanamh le Mata agus a dheimhniú go mbeidh an t-aonad seo ag teacht le línte tógála agus le teorirí Matamaitice</p>	



1. Ceangail A agus B le haon pointe C ar imlíne an leathchiorcail.
2. Ceangail C le lár an leathchiorcail.
3. Sainaithin dhá thriantán chomhchosacha.
4. Cad é suim na n-uillinneacha sa dá thriantán chomhchosacha seo?
5. Úsáid dathanna meaitseála chun uillinneacha atá ar cóimhéid a aithint
6. Úsáid dhá dhath dhifriúla chun an dá uillinn istigh i lár an chiorcail a aithint.
7. Úsáid an ghrafaic phíchairte thíos chun méid gach uillinne a léiriú.
8. An féidir leat a ríomh cén mhéid atá uillinn ACB?

**Nótaí:**


A series of horizontal blue lines for writing, with a vertical red margin line on the left side.



Úsáid na ceithre dhath chun méid na n-uillinneacha sa chiorcail thuas a léiriú go grafach.

## Móimint Réasúnú Spásúil

Tóg tadhlaí leis an éilips ag pointe P, gan na pointí fócasacha a aimsiú.



## Measúnuithe Rangbhunaithe i nGrafaic

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Ghrafaic. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad leis na torthaí foghlama agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an tráthchlár seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhar ar fáil gach bliain ar [www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach](http://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach) agus [www.curriculumonline.ie/Junior-cycle](http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle). Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach le haghaidh na Grafaice i dTábla 1 thíos.

Measúnuithe Rangbhunaithe	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire
<b>Cumarsáid trí sceitseáil</b>  <b>Bliain 2</b>	a smaointe a chur in iúl go grafach le teicnící sceitseála 2T agus/nó 3T  Is féidir an fhreagairt a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach  Is féidir le scoláirí comhoibriú le chéile, ach ní mór do gach scoláire píosa oibre aonair a chur i láthair	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir
<b>Scileanna cur i láthair grafacha<sup>123</sup></b>  <b>Bliain 3</b>	Taighde a bhaineann le réimse an tionscadail CSS  Ní mór don scoláire píosa oibre a chur i láthair ar bhonn aonair  Is féidir an fhreagairt a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir

Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Grafaice

### Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid trí sceitseáil

Tabharfaidh **Cumarsáid trí sceitseáil** deis don scoláire tabhairt faoi thaithí foghlama phraiticiúil agus bharántúil a thugann deis dó a chuid scileanna a fhorbairt le bheith inniúil ar chumarsáid trí sceitseáil. Iarrfar ar an scoláire téama spreagthach a roghnú chun a smaointe a chur in iúl go grafach le teicnící sceitseála 2T agus/nó 3T. Comhaontaítear an téama idir an scoláire agus an múinteoir agus d'fhéadfadh baint a bheith aige leis an scoláire ina aonar nó d'fhéadfadh sé a bheith leathan imleor chun ligean don rang iomlán freagairt air le freagairtí éagsúla. Is féidir samplaí de na téamaí spreagthacha a fháil ar lch 14.

Beag beann ar théama an spreagtha a roghnaíonn an scoláire chun freagairt air, ba cheart go gcuirfí a fhreagairt chun feidhme ar na bealaí seo a leanas:

- taighde ar smaointe
- coincheapa geoiméadracha\*
- léiriú sceitseála
- a Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl.

Mar chuid dá thaisceadh deiridh, agus na bealaí thuas á n-úsáid, cuirfidh an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe i láthair i bhformáid oiriúnach, rud a dhéanfar a chinneadh i gcomhaontú leis an múinteoir, lena ndéantar obair an scoláire a thairfeadh ar feadh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an dtopaic a roghnófar agus ar na meáin ina gcuirfear an obair i láthair.

\* Is é atá i gceist le coincheapa geoiméadracha teibíochtaí atá fréamhaithe i bprionsabail agus i dtógálacha geoiméadracha.

*Grafaic na Sraithe Sóisearaí, treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, I 8*

### **Fianaise ar fhoghlaim**

Iarrtar ar an scoláire a Mheasúnú Rangbhunaithe a thairfeadh agus aon fhoráid á húsáid atá iomchuí chun a réiteach a chur i láthair. Mar chuid den taisceadh deiridh, ba cheart go mbeadh an méid a leanas infheicthe:

- Fianaise ar an dtaighde ar idéanna a rinne an scoláire
- Coincheapa geoiméadracha sainaitheanta
- An léiriú (léirithe) déthoiseach(a) nó tríthoiseach(a) a sceitseáladh

Is féidir aon obair a ghabhann leis an léiriú nó léirithe a sceitseáladh a chur i láthair in aon fhoráid oiriúnach. Mar shampla:

- I scríbhinn, amhail tuarascáil
- I bhfoirm dhigiteach, amhail blog, físeán nó cur i láthair le sleamhnáin
- I bhfoirm amhairc, amhail cur i láthair grafach nó taispeántas
- I bhfoirm fuaime, amhail podchraoladh nó guthú

Ní liosta uileghabhálach é seo, níl ann ach samplaí den mhéid a d'fhéadfaí a roghnú.

*Grafaic na Sraithe Sóisearaí, treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, I 14*

### **Nóta**


## Coincheapa Céimseata




Agus na réada thíos mar spreagthaigh, iniúch an chéimseata atá iontu ag úsáid sceitseála / nótaí. Tugtar cóid 'Amharcóir Réad' i gcomhair tuilleadh iniúchta ar na réada tríd an gCiúb Cumaisc.



Code: 922 J46









Code: GMM X1X





## Dúshlán Léirshamhlaithe Scoláire

Ag úsáid na gciúbanna thíos, cruthaigh dromchlaí gearrtha le meaitseáil leis na cruthanna a thugtar. Úsáid teicnící rindreála éagsúla chun do réitigh a fheabhsú.

1.  2.  3. 

4.  5.  6. 

7.  8. 

Ciúb	1	2	3	4	5	6	7	8
Dromchla gearrtha								
Teicníc Rindreála								

## Cinneadh a dhéanamh ar leibhéal an ghnóthachtála: Cumarsáid a dhéanamh trí Sceitse

Tá ceithre tuairiscíní bainteach le gach measúnú rangbhunaithe: *thar barr ar fad, os cionn na n-ionchas, ag teacht leis na hionchas, agus níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Bronntar ceann amháin de na tuairiscíní ar gach píosa oibre a shíntear isteach. Úsáideann na múinteoirí na gnéithe cáilíochta, atá leagtar amach i dtreoirilínte measúnuithe, ionas gur féidir cinneadh a thógáil ar leibhéal an ghnóthachtála i ngach measúnú

<b>Na Gnéithe Cáilíochta: Cumarsáid trí sceitseáil</b>	
<p><b>Thar barr ar fad</b></p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Léiríodh le modh(anna) an taighde a roghnaíodh comparáid idir raon foinsí a raibh táirgeadh anailíse cuimsithí agus mionsonraithe ar na sonraí/torthaí mar thoradh air.</li> <li>▪ Léiríodh leis an obair a cuireadh isteach tuiscint shármhaith ar choincheapa geoiméadracha agus ar a n-úsáid.</li> <li>▪ Baineadh úsáid shármhaith as léirithe déthoiseacha nó tríthoiseacha sa réiteach.</li> <li>▪ Tá cur i láthair an réitigh ar chaighdeán sármhaith; úsáideadh meán ard-éifeachtach lena raibh deis machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl ar an mbealach is fearr.</li> </ul>
<p><b>Os cionn na n-ionchas</b></p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Bhí modh(anna) an taighde a roghnaíodh éifeachtach do réimse an tionscadail agus gineadh leibhéal grinn anailíse leis/leo ar na sonraí/torthaí.</li> <li>▪ Léiríodh leis an obair a cuireadh isteach tuiscint an-mhaith ar choincheapa geoiméadracha agus baineadh úsáid mhaith astu.</li> <li>▪ Baineadh úsáid an-mhaith as léirithe déthoiseacha nó tríthoiseacha sa réiteach.</li> <li>▪ Cuireadh an réiteach i láthair ar chaighdeán an-ard, agus meán éifeachtach á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl go cruinn.</li> </ul>

rangbhunaithe .



## Na Gnéithe Cáilíochta: Cumarsáid trí sceitseáil

### Ag teacht leis na hionchais

Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

- Bhí modh(anna) an taighde a roghnaíodh iomchuí don téama spreagthach agus gineadh roinnt anailíse leis/leo ar na sonraí/torthaí.
- Léiríodh leis an obair a cuireadh isteach tuiscint mhaith ar choincheapa geoiméadracha agus baineadh úsáid mhaith astu.
- Baineadh úsáid mhaith as léirithe déthoiseacha nó tríthoiseacha sa réiteach.
- Cuireadh an réiteach i láthair go maith, agus meán iomchuí á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis a chuirfeadh in iúl chun an tasc a thaispeáint ar an mbealach is fearr

### Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

- Bhí modh(anna) an taighde a roghnaíodh do réimse an tionscadail neamhéifeachtach agus níl mórán téagair san anailís ar na sonraí/torthaí.
- Léiríodh leis an obair a cuireadh isteach beagán tuisceana nó gan tuiscint ar bith ar choincheapa geoiméadracha agus níor baineadh ach beagán úsáide astu.
- Is beag úsáid nó níor baineadh úsáid ar bith as léirithe déthoiseacha nó tríthoiseacha sa réiteach.
- Cuireadh an réiteach i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuireadh an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go neamhéifeachtach.

*Grafaic na Sraithe Sóisearaí, treoirlínte do na Measúinuithe Rangbhunaithe, l 14 & 15*

### Nótaí:

# Eolas ar chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

## Roimh an gCruinniú AFMÁ

### **Dualgas na Múinteoirí**

- Breithiúnas ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí anótáilte CNCM atá ábhartha mar is gá ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie))
- Nóta den tuairiscín a bronnadh ar gach scoláire agus pointe ar bith eile ar mhaith leo tagairt dó nó a mheasann siad a bheith úsáideach le linn an chruinnithe AFMÁ
- Sampla amháin, más féidir, do gach tuairiscín, a aimsiú le húsáid le linn an chruinnithe AFMÁ
- Sonraí de na samplaí oibre le haghaidh plé a chur ar aghaidh chuig an éascaitheoir roimh an gCruinniú AFMÁ

### **Dualgas an Éascaitheora**

- Samplaí d'obair a chur na múinteoirí chun tosaigh a bhailiú agus a chóipeáil
- Ord reatha an chruinnithe AFMÁ a eagrú

## Le linn an Chruinnithe AFMÁ

### **Dualgas na Múinteoirí**

- Sampla amháin ag leibhéal “Nár chomhlíon na hIonchais Fós” a chur i láthair
- Súil a chaitheamh ar an bpíosa oibre le chéile
- Nóta a bhreacadh de na himpleachtaí a bhaineann leis na cinntí a dhéantar le linn an chruinnithe maidir leis an gcuid eile d'obair an scoláire
- Díriú ar an gcur chuige ‘is fearr oiriúint’ a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an tuairiscín is oiriúnaí ar an iomlán don obair atá á phlé,
- An próiseas a leanúint ar a sheal i gcomhair sampla ag leibhéal na dtuairiscíní eile go léir

### **Dualgas an Éascaitheora**

- An cruinniú a thosú agus béim á leagan ar leanúnachas breithiúnais agus ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí
- Béim a leagan chomh maith ar fhiúntas an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do
- Scoláirí An plé ginearálta ar shamplaí oibre agus ar Thuairiscíní a threorú agus nóta a bhreacadh d'aon chinntí a dhéantar
- Féachaint chuige go mbíonn comhaontú ann ach díriú ar fhorbairt eolas gairmiúil agus scileanna

## I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ

### **Dualgas na Múinteoirí**

- Meabhraíonn gach múinteoir ar mheasúnú obair a gcuid scoláirí bunaithe ar an gCruinniú AFMÁ. Seolann isteach a gcuid tuairiscíní deiridh do gach scoláire

### **Dualgas an Éascaitheora**

- Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh chuig an bPríomhoide
- Meabhrú ar na nithe ar éirigh go maith leo nó ar a bhféadfaí a fheabhsú don chéad chruinniú eile AFMÁ
- Is féidir leis an éascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí, más mian leo, cuid d'obair na scoláirí a chur isteach i mbanc samplaí: Chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua
- Chun cabhrú le cruinnithe AFMÁ amach anseo
- Chun úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí trí chaighdeán na hoibre a baineadh amach a léiriú.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Scileanna cur i láthair grafacha

Trí **Scileanna cur i láthair grafacha** cuirtear deiseanna ar fáil don scoláire an réimse a bhaineann le gné de thionscadal a bheidh le déanamh aige a iniúchadh, tionscadal a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Cuirfidh an scoláire cur i láthair grafach ar a thaighde isteach atá beartaithe chun cuidiú lena thuiscint a fhorbairt ar an topaic ar a bhfuil an téama dírithe. Athrófar an réimse gach bliain agus tagann sé as an tionscadal a dhéanfaidh an scoláire an bhliain chéanna. Forbróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an réimse don Mheasúnú Rangbhunaithe seo agus eiseoidh CNCM é ar líne trí [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).

**Léireofar leis an réimse arna eisiúint gné de thionscadal Choimisiún na Scrúduithe Stáit i.e. d'fhéadfadh sé a bheith dírithe ar chineál ábhair áirithe ina ndéanfaidh an scoláire réiteach a dhearadh timpeall air ag céim níos déanaí nó d'fhéadfadh sé a bheith dírithe ar ghné den tionscadal lena mbaineann tionchar.** Déanann an scoláire an taighde, ní mór dó an anailís a léirmhíniú agus measúnú a dhéanamh ar a chuid torthaí chun deis a thabhairt dó a chuid torthaí a chur i gcomparáid le coincheapa malartacha a bhaineann leis an téama arna eisiúint. Féadfaidh an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe a chur i láthair go grafach trí aon mheáin oiriúnacha ar bith lena ndéantar a fhreagairt a thaifeadadh agus a chur in iúl ar an mbealach is fearr. Chun cuidiú lena chur chuige a struchtúru maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe, ba cheart don scoláire a chuid oibre a dhíriú ar na bealaí seo a leanas:

- taighde agus anailís
- coincheapa a chur i gcomparáid
- cur i láthair grafach.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar na meáin ina gcuirfear an obair i láthair.


*Grafaic na Sraithe Sóisearaí, treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, I 18*

Cé go bhfuil **Scileanna cur i láthair grafacha** dírithe ar thaighde a dhéanamh agus ar chur i láthair grafach, ba chóir go mbeadh dóthain eolais, scileanna, luachanna agus tuisceana forbartha ag an scoláire chun an dara Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Ghrafaic, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh a scileanna taighde forbartha ag an scoláire chun a chur ar a chumas iniúchadh a dhéanamh go héifeachtach a chabhróidh le bonn eolais a chur faoin tionscadal a dhéanfaidh sé go luath.

*Grafaic na Sraithe Sóisearaí, treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, I 19*

### Nótaí


## Ag obair le Torthaí Foghlama



Arna chur in oiriúint ó Blob Bridge - [www.blobtree.com](http://www.blobtree.com)

### Nótaí





**SNÁITHE 1: GRAFAIC 2T-** Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le coincheapa agus prionsabail bhunúsacha tógálacha 2T, cruthanna 2T agus córais teilgin, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Ó thús deireadh an staidéir, gheobhaidh an scoláire léirtheiscint do chur i bhfeidhm na grafaice 2T ar réiteach fadhbanna agus forbróidh sé tuiscint ar ról na grafaice 2T in earraí agus léirithe 3T a chruthú. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, léirithe soiléire a chruthú d'earraí i spás agus iad a léiriú go cruinn in dhá thoise.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



**GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA** - Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe 2T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an scoláire a chuid eolais ó ghníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabal agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú.

**Tóg:** tógáil trí ábhair nó páirteanna a chur le chéile

**SNÁITHE 2: GRAFAIC 3T-** Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic leis na coincheapa agus prionsabail bhunúsacha a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag earraí, córais samhaltaithe agus coinbhinsiúin ghrafacha 3T, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus úsáidfidh sé iad. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an snáithe seo chun inniúlacht an scoláire i samhlú agus léiriú amhairc a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, earraí a léiriú go cruinn i dtrí thoise agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



**GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL** Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil

**Amharcléirigh** rud atá teibí nó rud nach bhfeiceann an tsúil a chruthú san intinn nó sa tsamhlaíocht

**SNÁITHE 2: GRAFAIC 3T-** Sa snáithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic leis na coincheapa agus prionsabail bhunúsacha a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag earraí, córais samhaltaithe agus coinbhinsiúin ghrafacha 3T, tuigfidh sé na coincheapa agus prionsabail sin agus úsáidfidh sé iad. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an snáithe seo chun inniúlacht an scoláire i samhlú agus léiriú amhairc a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an scoláire in ann, dá bharr sin, earraí a léiriú go cruinn i dtrí thoise agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm i réiteach fadhbanna.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



**GNÉ 4: PRIONSABAIL AGUS TÓGÁLACHA GEOIMÉADRACHA** - Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire lena thuiscint ar chruthanna agus earraí geoiméadracha a úsáid i léirithe 2T agus 3T a thógáil agus i bhfadhbanna geoiméadracha a réiteach. Cuirfidh an scoláire a chuid eolais ó ghníomhaíochtaí ranga in oiriúint chun ról na bprionsabal agus na dtógálacha geoiméadracha sa domhan nádúrtha thart air a fhiosrú.

Tuig corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm



**SNÁITHE 3: GRAFAIC FHEIDHMEACH-** Sa snáithe seo, tarraingeoidh an scoláire ar an eolas, ar na prionsabail agus ar na teicnící a forbraíodh trí na snáitheanna Grafaic 2T agus Grafaic 3T chun réitigh agus eolas a chruthú agus a chur in iúl go grafach. Ba chóir an scoláire a spreagadh lena thimpeallacht fhisiciúil a iniúchadh agus le prionsabail na Grafaice 2T agus na Grafaice 3T a chur i bhfeidhm chun réimse fadhbanna a réiteach. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire na modhanna is cuí a roghnú chun a réitigh ar na fadhbanna seo a chur in iúl, idir mheáin ghrafacha a roghnú agus an mheicníocht chun iad a úsáid.



Eolas




Tuiscint



Scileanna



Luachanna



**GNÉ 1: RÉASÚNÚ SPÁSÚIL** Spreagann na torthaí foghlama ó na snáitheanna difriúla a bhaineann leis an ngné seo an scoláire le raon cruthanna, faisnéis ghrafach, earraí agus déantáin a iniúchadh chun cabhrú leis an scoláire a inniúlacht spásúil a fhorbairt. Cabhraíonn na torthaí foghlama leis an scoláire a chuid inniúlachtaí a fhorbairt, ó shaintréithe spásúla a aithint ar an gcéad dul síos go dtí a n-ionramháil

Aithin fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint



20 scoláire – 8 cailíní, 12 bhuachaillí



Tá spóirt, talmhaíocht, ceol agus ainmhithe ar na rudaí is spéis le scoláirí



Tá teacht ag an rang ar ríomhlann uair amháin sa tseachtain

### Láidreachtaí

- D'éirigh leis an ngrúpa ranga tascanna grúpa a dhéanamh roinnt uaireanta.
- Bheadh suas le leath an ghrúpa breá sásta labhairt os comhair an ranga.
- Tá roinnt scoláirí inniúil ar bhogearraí DRC, nó ghlac siad páirt roimhe seo i gcomórtas dearadh priontála 3T.
- De ghnáth ní bhíonn aon fhadhb smachta ann.



2ú Bliain. Rang dúbailte amháin (80 nóim.) agus rang singil amháin (40 nóim.) sa tseachtain.



Tá taithe ag na scoláirí ar an bhfoghlaím go leanúnach thar na 3 shnáithe agus bhí siad ag plé ar na mallaibh leis na gnéithe de phrionsabail agus de thógálacha geoiméadracha agus le réasúnú spásúil'

### Riachtanais

- Tá deacrachtaí léitheoireachta ag Seán, Micheál agus Máire ach is maith a fhoghlaimíonn siad trí íomhánna.
- Tá lagú éisteachta ar Cháit agus déanann sí iar-racht páirt a ghlacadh i gcomhrá grúpa.
- Bhí Jeaic as láthair ón scoil le déanaí de bharr tinnis agus ní raibh seans aige an t-aonad foghlama roimhe seo a dhéanamh
- Tá Éabha ag leanúint Chlár Foghlama Leibhéal 2 agus beidh sí ag teacht isteach sa rang le hobair a dhéanamh ar thorthaí foghlama ar leith óna cuid Aonaid Tosaíochta Foghlama. D'aontaigh an roinn RSO agus an múinteoir Grafaice ar thorthaí foghlama ar leith d'Éabha le díriú orthu.

# Pleanáil do Grafaic

Grúpa Ranga:

Ainm an Mhúinteora: :

Aonad:


Fad:

Dáta tosnú:

 Aois, céim agus réamhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh  
Cén fhoghlaim ar mhaith linn díriú uirthi?  
Na snáitheanna agus na gnéithe ar aon a fhiosrú agus torthaí foghlama a roghnú

 Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú  
Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht  
Meabhairigh conas a dhéanfaidh muid measúnú agus tuairiscí ar fíriantais ar fhoghlaim

 Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den fhoghlaim seo.  
Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

 Ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin, cé na modheolaíochtaí agus na hacmhainní a chabhróidh le scoláirí taithí a fháil ar na torthaí foghlama.  
Cinntiú go mbíonn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh

## Cad iad na chéad chéimeanna eile dom?

Nuair a rachaidh mé ar ais ar scoil amárach...

Thar an gcéad chúpla mí ina dhiaidh seo...

An chéad bhliain eile...

Cad iad na straitéisí nua a d'fhéadfainn a úsáid i mo sheomra ranga?

## Nótaí

A large, empty rounded rectangular box with a black border, intended for taking notes. The box is centered on the page and occupies most of the vertical space below the header.

## Nótaí

A large, empty rounded rectangular box with a black border, intended for taking notes. The box is centered on the page and occupies most of the vertical space below the header.

## Nótaí

A large, empty rounded rectangular box with a black border, intended for taking notes. The box is centered on the page and occupies most of the vertical space below the header.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior **CYCLE** for teachers

## Sonraí Teagmhála

### **Oifig Riaracháin:**

Ionad Oideachais  
Mhuineacháin,  
Cnoc an Chonnaidh,  
Br. Ard Mhacha,  
Co. Mhuineacháin.

[www.metc.ie](http://www.metc.ie)

### **I gcomhair gach fiosrúcháin**

### **déan teagmháil le:**

[info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)

Lean sinn ar Twitter:

[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

[@JCt4ed](https://twitter.com/JCt4ed)

Cláraigh leis an liosta seachadta

againn



### **Oifig an Stiúrtóra:**

BOOLM,  
Sráid an tSéipéil  
Dún Dealgan,  
Co. Lú

### **Príomhshuíomhanna**

### **Gréasáin:**

[www.jct.ie](http://www.jct.ie)

[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

[www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

Cód MF – Foirm Aiseolais